



An Bhruiséal, 13 Iúil 2018
(OR. en)

10586/18

**Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0123(COD)**

**CODEC 1184
TRANS 291
PE 92**

NÓTA FAISNÉISE

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 d'fhonn iad a oiriúnú d'fhorbairtí san earnáil – Toradh imeachtaí Pharlaimint na hEorpa (Strasbourg, 2 go 5 Iúil 2018)

I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Ismail ERTUG (S&D, DE) tuarascáil ina bhfuil 70 leasú (leasuithe 1-70) i ndáil leis an togra le haghaidh Treorach, thar ceann an Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht.

Anuas air sin, thíolaic na grúpaí polaitiúla na leasuithe seo a leanas: S&D 2 leasú (leasuithe 100-101), ECR 11 leasú (leasuithe 71-81), na Glasaigh/SCE leasú amháin (leasú 82), GUE/NGL 6 leasú (leasuithe 102-107), ENF 5 leasú (leasuithe 95-99). Thíolaic breis agus 38 FPE 14 leasú (leasuithe 83-94 agus leasuithe 108-109).

II. VÓTÁIL

Tráth ar caitheadh vóta ag an seisiún iomlánach ar an 4 Iúil 2018, glacadh leasuithe 1-55, 58-70 agus leasú 96 ar an togra le haghaidh Rialacháin. Mar sin féin, níor glacadh an dréachtghníomh reachtach, arna leasú¹.

Ar an ábhar gur theip ar an dréachtghníomh reachtach, arna leasú, tromlach na vótaí a fháil i bhfabhar an ghnímh, cuireadh an t-ábhar faoi bhráid an choiste an athuair, de bhun Rial 59(4)(4) de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, rud a d'fhág nár cuireadh clabhsúr ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa.

¹ 103 ar a shon, 551 ina choinne, 29 a staon.